Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 25 Meitheamh 2025
(OR. en)

10223/25
PV CONS 30
JAI 832
COMIX 180
PARLNAT 54

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Ceartas agus Gnóthaí Baile)

12 agus 13 Meitheamh 2025

**DÉARDAOIN AN 12 MEITHEAMH 2025**

**CEARTAS**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **1.** | **An clár oibre a ghlacadh** | | 9621/25 |

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 9621/25.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **2.** | **Formheas na míreanna 'A'**<br>**(a) Liosta neamhreachtach** | | 9611/25 |

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh. Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis na míreanna sin san Aguisín.

| | | | |
|---|---|---|---|
| | (b) Liosta reachtach (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach) | | 9613/25 |

**Ceartas agus Gnóthaí Baile**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **1.** | **Rialachán ón gComhairle maidir le neartú a dhéanamh ar shlándáil cártaí aitheantais agus doiciméad cónaithe**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh*<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 11.6.2025 | S C | 8865/25<br>8375/25<br>FRONT |

Ghlac an Chomhairle an Rialachán d'aon toil, tar éis di dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **2.** | **Rialachán maidir le himeachtaí dócmhainneachta chun Iarscríbhinní A agus B a ghabhann leis a ionadú**<br>*Cur chuige ginearálta*<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 21.5.2025 | ❶ C | 8878/25<br>JUSTCIV |

Tháinig an Chomhairle ar chur chuige ginearálta i ndáil leis an togra le haghaidh Rialachán maidir le himeachtaí dócmhainneachta chun Iarscríbhinní A agus B a ghabhann leis a ionadú

| | | | |
|---|---|---|---|
| **3.** | **Rialachán lena leagtar síos rialacha chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac**<br>*Tuarascáil ar dhul chun cinn*<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 4.6.2025 | ❶ C | 9277/25<br>JAI |

Thug an Chomhairle dá haire an tuarascáil ar dhul chun cinn.

**Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 4. | **Rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa a mhéid a bhaineann le ceanglais le haghaidh idirbhearta um maoiniú urrús faoin gcóimheas glanchistiúcháin chobhsaí**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh*<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 4.6.2025 | ❶C | 9322/25<br>PE-CONS 14/25<br>EF |

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (Bunús dlí:Airteagal 114 CFAE).

**Gnóthaí Eachtracha**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 5. | **Rialachán maidir le modhnú dleachtanna custaim ar earraí talmhaíochta agus leasacháin áirithe ón Rúis agus ón mBealarúis**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh*<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 4.6.2025 | ❶C | 9323/1/25 REV 1<br>PE-CONS 5/25<br>POLCOM |

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 207(2) CFAE), agus an Ungáir ag vótáil ina choinne agus an Bheilg agus an Bhulgáir ag staonadh ón vótáil.

**Talmhaíocht**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 6. | **Cinneadh maidir le coibhéis síolta arna dtáirgeadh i bPoblacht na Moldóive agus san Úcráin**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh*<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 4.6.2025 | ❶C | 9324/1/25 REV 1<br>PE-CONS 9/25<br>AGRILEG |

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 43(2) CFAE), agus an Ungáir ag vótáil ina choinne agus an Pholainn ag staonadh ón vótáil.

**Plé reachtach**

**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 3. | **Rialachán maidir le daoine fásta a chosaint**<br>*Cur chuige ginearálta páirteach* | ❶C | 9260/25 + ADD 1-3<br>+ ADD 3 COR 1 |

Tháinig an Chomhairle ar chur chuige ginearálta páirteach i ndáil leis an togra le haghaidh Rialachán maidir le daoine fásta a chosaint. Leagtar amach na ráitis ón Eastóin, ó Mhálta agus ón Spáinn san Iarscríbhinn.

**4.** **Treoir maidir le gnéithe áirithe den dlí dócmhainneachta a chomhchuibhiú** ❶C 9257/25 + COR 1 + ADD 1-5
*Cur chuige ginearálta*

Tháinig an Chomhairle ar chur chuige ginearálta maidir leis an togra le haghaidh Treoir lena gcomhchuibhítear gnéithe áirithe den dlí dócmhainneachta.

Leagtar amach ráitis ón mBeilg, ó Phoblacht na Seice, ón Ungáir agus ón Spáinn, mar aon le ráiteas comhpháirteach ón bhFrainc agus ón bPortaingéil, san Iarscríbhinn.

5. **Aon ghnó eile**

a) **Tograí reachtacha reatha** 9219/25
***Faisnéis ón Uachtaránacht***

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir le staid na himeartha i dtaca le tograí reachtacha éagsúla i réimse an cheartais.

**Gníomhaíochtaí neamh-reachtacha**

6. Aontachas an Aontais Eorpaigh don Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint (ECHR) 8994/25
*Staid na himeartha*

7. Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE)[1] 8942/25 + COR 1
*Staid na himeartha*

8. Cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin: an tsaoirse ó phionós a chomhrac[2] 9377/25
*Staid na himeartha*

9. An gháinneáil ar dhrugaí agus an choireacht eagraithe a chomhrac: an comhar breithiúnach le tríú tíortha a neartú[2] 8913/25 8814/25
*Staid na himeartha*

10. Aon ghnó eile

a) Cruinniú Aireachta idir na Stáit Aontaithe agus an tAontas Eorpach maidir le Ceartas agus Gnóthaí Baile (Vársá, an 2 agus an 3 Meitheamh 2025) 9107/25
*Cuntas ón Uachtaránacht*

b) Caibidlíocht idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe maidir le comhaontú um r-fhianaise 8489/25
*Faisnéis ón gCoimisiún*

---

1 I láthair Phríomh-Ionchúisitheoir Eorpaigh.
2 I láthair na gníomhaireachta Eorpaí Eurojust.

| | | |
|---|---|---|
| c) | Rochtain ar shonraí: coinneáil sonraí cumarsáide leictreonaí<br>*Faisnéis ón Uachtaránacht* | 8490/25 |
| d) | Athléimneacht dhaonlathach an Aontais a neartú: a thábhachtaí atá sé comhchuimhne Eorpach a chur chun cinn agus an t-athbhreithniúchas staire a chomhrac<br>*Faisnéis ón Liotuáin* | 9222/25 |
| e) | Smachtbhannaí na Stát Aontaithe i gcoinne breithiúna sa Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta<br>*Faisnéis ón tSlóivéin* | 9987/25 |
| f) | Clár Oibre na hUachtaránachta inteachta<br>*Cur i láthair ón Danmhairg* | 9625/25 |

**DÉARDAOIN AN 13 Meitheamh 2025**

**GNÓTHAÍ BAILE**

### RIALACHAS POLAITIÚIL LIMISTÉAR SCHENGEN ('COMHAIRLE SCHENGEN')

**Gníomhaíochtaí neamh-reachtacha**

| | | |
|---|---|---|
| 11. | Staid ghinearálta limistéar Schengen<br>(a) Tuarascáil 2025 ón gCoimisiún maidir le staid limistéar Schengen<br>(b) Tosaíochtaí do thimthriall Chomhairle Schengen 2025-2026<br>*Seisiún tuairimíochta* | 8235/25<br>+ ADD 1+2<br>9380/1/25 REV 1 |
| 12. | Cur chun feidhme na hidir-inoibritheachta<br>*Staid na himeartha* | 9314/25 |

### SAINCHEISTEANNA EILE MAIDIR LE GNÓTHAÍ BAILE

**Plé reachtach**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

**13. Aon ghnó eile**

a) **Rialachán maidir le tús a chur, de réir a chéile, le hoibríochtaí an Chórais Dul Isteach/Imeachta** ❶C 9515/25

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir le staid na himeartha i ndáil leis an togra le haghaidh Rialachán maidir le maolú sealadach ar fhorálacha áirithe de Rialachán (AE) 2017/2226 agus Rialachán (AE) 2016/399 a mhéid a bhaineann le tús a chur de réir a chéile le hoibríochtaí an Chórais Dul Isteach/Imeachta.

b) **Tograí reachtacha reatha** 9329/25
***Faisnéis ón Uachtaránacht***

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir le staid na himeartha i dtaca le tograí reachtacha éagsúla i réimse na nGnóthaí Baile.

**Gníomhaíochtaí neamh-reachtacha**

14. Cur chun feidhme an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn (CET) athchóirithe[3][4]
*Staid na himeartha*

15. Stádas dlíthiúil na ndaoine easáitithe ón Úcráin amach anseo
a) Cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle lena gcuirtear síneadh le cosaint shealadach mar a tugadh isteach le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 C 9933/25 + ADD 1
(Bunús dlí: Airteagal 4(2) de Threoir 2001/55/CE ón gComhairle, an 20 Iúil 2001)
*Comhaontú polaitiúil*
b) Moladh ón gComhairle maidir le cur chuige comhordaithe i leith an aistrithe amach as cosaint shealadach C 9447/25
*Staid na himeartha*

16. Gné sheachtrach na himirce: an Libia 9744/25
*Staid na himeartha*

[3] Go heisceachtúil, i láthair na dTíortha atá comhlachaithe le Schengen.
[4] I láthair na ngníomhaireachtaí Eorpacha EUAA agus Frontex.

| | | |
|---|---|---|
| 17. | Straitéis Eorpach um an tSlándáil Inmheánach[35]<br>*Seisiún tuairimíochta* | 9267/25 |
| 18. | Rochtain ar shonraí le haghaidh fhorfheidhmiú éifeachtach an dlí[6]<br>*Seisiún tuairimíochta* | 9208/25 |
| 19. | Tionchar na timpeallachta geopholaitiúla reatha ar shlándáil inmheánach an Aontais[37] | |
| | (a) an Úcráin[8] | 9396/25 |
| | (b) An Mholdóiv [8] | 9396/25 |
| | (c) An tSiria | 9268/25 |
| | *Staid na himeartha* | |
| 20. | Aghaidh a thabhairt ar na dúshláin maidir leis an tslándáil: measúnú ó sheirbhísí faisnéise intíre na hEorpa[39]<br>*Staid na himeartha* | |
| 21. | Conclúidí maidir le timthriall an Ardáin Eorpaigh Ildisciplínigh i gCoinne Bagairtí Coiriúla 2026-2029<br>*Formheas* | 9207/25 |
| 22. | Aon ghnó eile | |
| | (a) An gháinneáil ar dhrugaí agus an choireacht eagraithe a chomhrac<br>*Faisnéis ón Uachtaránacht* | 8913/25 |
| | (b) Cruinniú ardleibhéil de shásra comhordúcháin agus comhair AE-CELAC maidir le drugaí (Vársá, an 8 Bealtaine 2025)<br>*Faisnéis ón Uachtaránacht* | 8357/25 |
| | (c) Cruinniú Aireachta idir na Stáit Aontaithe agus an tAontas Eorpach maidir le Ceartas agus Gnóthaí Baile (Vársá, an 2 agus an 3 Meitheamh 2025)<br>Cuntas ón Uachtaránacht | 9107/25 |
| | (d) Cruinniú aireachta Phróiseas Brdo pri Kranju, an 27 agus an 28 Márta 2025<br>*Faisnéis ón tSlóivéin* | 9740/25 |

---

5 I láthair na ngníomhaireachtaí Eorpacha CEPOL, EUDA, eu-LISA, Europol, Eurojust agus Frontex.

6 I láthair na ngníomhaireachtaí Eorpacha Europol agus Eurojust.

7 I láthair na ngníomhaireachtaí Eorpacha Europol agus Frontex.

8 I láthair an Leas-Phríomh-Aire, Aire Aontachta Náisiúnta na hÚcráine agus Aire Gnóthaí Baile na Moldóive.

9 I láthair na gníomhaireachta Eorpaí Europol agus Ard-Stiúrthóir Ghníomhaireacht Slándála Inmheánaí Phoblacht na Polainne.

(e) Clár Oibre na hUachtaránachta inteachta — 9614/25
*Cur i láthair ón Danmhairg*

---

An chéad léamh

Mír shrianta

Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

## RÁITIS A GHABHANN LEIS AN MÍR REACHTACH 'B' A LEAGTAR AMACH IN 9621/25

**Mír 3 ar liosta na míreanna 'B':** **Rialachán maidir le daoine fásta a chosaint**
*Cur chuige ginearálta páirteach*

**RÁITEAS Ó MHÁLTA**

'Tacaíonn Málta le cuspóirí an togra seo, go háirithe neamhspleáchas daoine atá i staid leochaileachta a neartú. Creideann Málta, áfach, go bhféadfadh an téacs atá beartaithe a bheith níos uaillmhianaí chun cearta na ndaoine sin a chosaint ar bhealach níos fearr.
Meabhraítear do Mhálta go bhfuil na Ballstáit uile, chomh maith leis an Aontas féin, ina bpáirtithe i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, atá bunaithe ar urraim do neamhspleáchas an duine, ar an gceart féinchinntiúcháin, agus ar thacaíocht a sholáthar trí bhearta ábhartha lena n-urramaítear toil agus roghanna an duine dá ndéantar difear. Is oth le Málta, mar thoradh ar an gcur chuige a glacadh agus ar an bhfoclaíocht a úsáideadh go dtí seo, nach gcomhlánófar, leis an téacs atá beartaithe, feidhmiú Choinbhinsiún na Háige 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta go fóill ar bhealach lena ndaingnítear agus lena gcuirtear chun cinn na cearta atá i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Cheart Daoine faoi Mhíchumas.'

**RÁITEAS ÓN SPÁINN**

'Tá an Spáinn ar aon intinn leis na cuspóirí a shaothraítear leis an togra le haghaidh Rialacháin chun feabhas a chur ar an gcóir a chuirtear ar dhaoine fásta i gcásanna trasteorann a bhaineann le lagú nó neamhdhóthanacht a gcumas pearsanta.
Mar sin féin, ní féidir linn tacú leis an gcur chuige páirteach atá beartaithe. Measaimid nach bhfuil an téacs atá beartaithe uaillmhianach go leor agus gur cheart go rachadh sé níos faide, agus na prionsabail atá i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas á gcur san áireamh, atá, ó glacadh é in 2006, bunaithe ar urraim do neamhspleáchas daoine, ar a bhféinchinntiúchán, agus ar bhearta tacaíochta a bhunú, lena n-áirítear bearta neamhfhoirmiúla, lena n-urramaítear toil agus mianta daoine faoi mhíchumas.'

**RÁITEAS ÓN EASTÓIN**

‘Tacaíonn an Eastóin le cuspóir ginearálta an tionscnaimh cosaint trasteorann a chur ar fáil do dhaoine fásta nach bhfuil in ann a leasanna féin a chosaint, chun saorghluaiseacht daoine a áirithiú agus cosaint chearta bunúsacha daoine fásta a fheabhsú.

Mar sin féin, ní aontaíonn an Eastóin leis an oibleagáid atá ar na Ballstáit cláir chosanta a chruthú agus iad a nascadh le lárchóras Eorpach mar a cheanglaítear leis an rialachán faoi Airteagal 1(h). Sa chás seo, níl sé sin comhréireach leis na costais ghaolmhara. Mar sin, tacaíonn an Eastóin leis an gcur chuige ginearálta páirteach i gCaibidlí I-V [1-5], cé is moite de na cláir um chosaint éigeantach sin a ndéanfar tuilleadh plé orthu faoi Chaibidil VIII [8] den Rialachán.’

| | |
|---|---|
| **Mír 4 ar liosta na míreanna ‘B’:** | **Treoir maidir le gnéithe áirithe den dlí dócmhainneachta a chomhchuibhiú**<br>*Cur chuige ginearálta* |

**RÁITEAS Ó PHOBLACHT NA SEICE**

‘Cé go dtacaíonn Poblacht na Seice go hiomlán le cuspóirí na Treorach lena gcomhchuibhítear gnéithe áirithe den dlí dócmhainneachta chun Aontas na Margaí Caipitil a neartú, tá roinnt forchoimeádas substainteach fós ag Poblacht na Seice maidir le téacs an togra. Measaimid, dá bhrí sin, gur gá filleadh ar an bplé ar leibhéal na saineolaithe. Creidimid go láidir freisin go dtabharfar aghaidh ar roinnt dár n-ábhar imní sna cruinnithe tríthaobhacha le Parlaimint na hEorpa.

I gcás Phoblacht na Seice, easnamh mór sa togra is ea nach leor an chosaint a thugtar do chreidiúnaithe.

Mar shampla, ní thugtar cosaint leordhóthanach do chreidiúnaithe ar mhímhacántacht an fhéichiúnaí agus an sásra réamhphaca á úsáid, rud a d’fhéadfadh mí-úsáid an nós imeachta sin a bheith mar thoradh air. Go háirithe, ba cheart go gceanglófaí le hAirteagal 23b macántacht an fhéichiúnaí agus ba cheart go bhféadfaí na himeachtaí réamhphaca a fhoirceannadh mar gheall ar rún mímhacánta an fhéichiúnaí. Ní thugtar cosaint leordhóthanach do chreidiúnaithe le hAirteagal 26 ach oiread.

In Airteagal 2, agus tástáil leas na gcreidiúnaithe á cur i bhfeidhm, ba cheart an chéad rogha eile is fearr a mheas i gcónaí. In Airteagal 3a agus i dTeideal VII, ba cheart prionsabal an chomhchuibhithe íosta a nascadh freisin leis an bhféidearthacht leibhéal níos airde cosanta a sholáthar do chreidiúnaithe. Ba cheart go gceadófaí le hAirteagal 19 cearta diúscartha an fhéichiúnaí a shrianadh a thuilleadh chun cosaint na gcreidiúnaithe a fheabhsú i nós imeachta réamhphaca. In Airteagal 22a, ba cheart a cheangal go mbeadh leibhéal áirithe anás airgeadais ag an bhfiontraí chun cosaint chuí creidiúnaithe a áirithiú. Chomh maith leis sin, tá sé ríthábhachtach ról agus cuntasacht an mhonatóra a shoiléiriú chun creidiúnaithe a chosaint go leordhóthanach.

Measann Poblacht na Seice freisin go bhfuil sé tábhachtach a fhoráil, i gcásanna éigeandála, go bhféadfar maolú ar fhorálacha Theideal IV lena rialaítear nósanna imeachta réamhphaca.
Is é an cuspóir atá ann a áirithiú go gcosnófar creidiúnaithe ar dhíolachán brostaithe an ghnólachta nuair a chuirtear isteach ar dhálaí an mhargaidh.
Measaimid go bhfuil na heasnaimh thuasluaite suntasach. Leis sin, staonann Poblacht na Seice ón vótáil maidir le glacadh na Treorach.’

**RÁITEAS ÓN UNGÁIR**

‘Tacaíonn an Ungáir le cuspóirí bunúsacha na Treorach, mar shampla rialacha nós imeachta dócmhainneachta níos éifeachtaí agus níos comhchuibhithe a bhunú, cóir chomhionann d’imeachtaí dócmhainneachta agus cothrom iomaíochta agus rochtain níos fearr ar chláir náisiúnta a áirithiú chun iomaíochas an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát a mhéadú. Mar sin féin, maidir leis an gcur chuige ginearálta i leith na Treorach, tá sé ar intinn ag an Ungáir staonadh ón vótáil, ós rud é go mbeadh gá le tuilleadh caibidlíochta maidir leis an gcur chuige ginearálta chun a áirithiú go nglacfar téacs a bhfuil bunús níos fearr leis agus atá níos comhleanúnaí agus, dá bhrí sin, chun a áirithiú go dtacóidh an Treoir i ndáiríre le neartú an Aontais Coigiltis agus Infheistíochta agus le cur chun cinn an iomaíochais.’

**RÁITEAS ÓN bhFRAINC AGUS ÓN bPORTAINGÉIL**

‘Athdhearbhaíonn an Fhrainc agus an Phortaingéil go dtacaíonn siad leis an téacs comhréitigh, ar céim thábhachtach é i dtreo Aontas na Margaí Caipitil a thabhairt chun críche i gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 20 Márta 2025.
Mar sin féin, is oth leo nár thapaigh an Chomhairle an deis seo an dlí dócmhainneachta d’fhiontair bheaga a chomhchuibhiú agus, dá bhrí sin, is bocht leo gur scriosadh Teideal VI maidir le micrifhiontair a fhoirceannadh. Measann siad go mbeadh nós imeachta simplithe den sórt sin ina luamhán nithiúil chun Aontas na Margaí Caipitil a neartú, feabhas a chur ar an timpeallacht eacnamaíoch do struchtúir bheaga, agus cultúr téarnaimh a chothú d’fhiontraithe na hEorpa. Bheadh sé sin ag teacht le dlí Eorpach níos inrochtana agus níos éifeachtaí.
Dá bhrí sin, cuireann an Fhrainc agus an Phortaingéil in iúl gur mian leo go ndéanfaí athscrúdú os comhair Pharlaimint na hEorpa ar shaincheist na micrifhiontar, d’fhonn iarrachtaí a dhéanamh comhchuibhiú uaillmhianach a bhaint amach, a bheadh oiriúnaithe do réaltachtaí eacnamaíocha na hEorpa.’

**RÁITEAS ÓN SPÁINN**

'Measann an Spáinn go bhfuil sé tábhachtach dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an gcreat dócmhainneachta dlíthiúla chun ár gcuideachtaí a dhéanamh níos iomaíche. Is oth linn, áfach, go dtugtar isteach arís leis an téacs coincheap dlíthiúil choiste na gcreidiúnaithe, a aisghaireadh i bhfad ó shin mar gheall ar a neamhéifeachtúlacht agus a chostais arda. Cosúil le Ballstáit eile, tá sásraí cosanta creidiúnaithe eile againn atá níos éifeachtúla agus a fheidhmíonn go han-mhaith.
Níl téacs Theideal IV den sásra réamhphaca uaillmhianach go leor; ba cheart dúinn dul níos faide leis na sásraí chun cosaint a thabhairt ar mhí-úsáidí a dhéantar i gcalaois creidiúnaithe. Tá gá le níos mó uaillmhéine freisin sna sásraí lena gceadaítear leanúnachas i ngníomhaíocht an aonaid tháirgiúil, chun an creatlach ghnó a choinneáil oibríochtúil.'

**RÁITEAS ÓN mBEILG**

'Tacaíonn an Bheilg go hiomlán le cuspóir na treorach atá beartaithe. Neartóidh rialacha dócmhainneachta níos comhchuibhithe Aontas na Margaí Caipitil.
Tacaíonn an Bheilg freisin le cosaint na gcreidiúnaithe.
Mar sin féin, táimid suite de go bhfuil an cuspóir maidir leis na creidiúnaithe a chosaint níos tábhachtaí ná na modhanna chun é sin a bhaint amach, mar shampla coiste creidiúnaithe dá bhforáiltear i dTeideal VII.
Tacaíonn an Bheilg go láidir leis an gcomhchuibhiú, ach ní ar bhealach docht. Chuireamar béim ar an gcuspóir seachas ar na hacmhainní.
Creidimid nach mór córas náisiúnta dea-fheidhmiúil, córas atá níos gasta, níos éifeachtúla agus níos saoire, agus lena bhforáiltear do na ráthaíochtaí céanna do na creidiúnaithe mar a mholtar sa téacs, a aithint mar chóras coibhéiseach leis an téacs.
I gcás ina bhforáiltear cheana sa reachtaíocht náisiúnta do chosaint creidiúnaithe, ba cheart go leanfadh soláthar coiste creidiúnaithe de bheith roghnach.
Sin é an fáth gurb oth leis an mBeilg nach n-aithnítear sa téacs córais náisiúnta choibhéiseacha lena gcosnaítear leasanna na gcreidiúnaithe agus foráiltear le Teideal VII go mbeidh coiste na gcreidiúnaithe éigeantach do na Ballstáit.
Measaimid go bhfuil na heasnaimh thuasluaite suntasach.
Leis sin, staonann an Bheilg ón vótáil maidir le glacadh na Treorach.'